1117

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh GX

Scrúduithe Sheimeastar II, 2004-5

Cód(anna) Scrúduithe	**2BA 121**
Scrúdú	An Dara Bliain i nDána
Cód(anna) modúil	NG 236, NG 238
Modúl	Gaeilge
Uimhir an Pháipéir	2
Scrúdaitheoir(í) Seachtrach(a)	Ruairí Ó hUiginn
Scrúdaitheoir(í) Inmheánacha	Mícheál Mac Craith Gearóid Denvir Cáit Ní Dhomhnaill Pádraig Ó Héalaí
Treoracha	Freagair ceist amháin as gach Roinn. Úsáid freagarleabhar ar leith do gach Roinn. Tá caoga marc ag dul do gach Roinn.
Am ceadaithe	Trí huaire an chloig
Líon freagarleabhar	3

Roinn A

NG 236 (i) Scéalaíocht Bhéil (2.5 ECTS)

1 Pléigh saintréithe na scéalaíochta béil.

Nó

2 Scríobh nótaí ar **dhá cheann** acu seo:

a) tionchar an traidisiúin liteartha ar scéalaíocht bhéil na Gaeilge

b) meath thraidisiún na scéalaíochta

c) ealaín an scéalaí.

Nó

3 Ní hionadh gur thug lucht éisteachta gean do scéalta iontais. Pléigh. (50 marc)

Roinn B

NG 236 (ii): An Ghaeilge Chlasaiceach (2.5 ECTS)

a) Is ann sin adubhairt Cú Raoi, do bhí i **riocht** fhir an **bhruit** lachtna, dá bhfaghadh rogha seóid dá raibhe san dún, go ngéabhadh féin an dún dóibh. Geallais Cú Chulainn sin dó, agus leis sin tugadar **ucht** ar an dún dá ghabháil, agus fear an bhruit lachtna 'na dtosach gur **fastódh** an roth geintlidhe do bhi ar siubhal ar dhorus an dúnaidh leis, gur **léig** cách isteach, gur **hairgeadh** an dún leo.

b) Ní ghéabh a **malairt,** ar fear an bhruit lachtna. Leis sin iarrais Cú Raoi **árach** ar Bhláthnaid d'fhuadach, go dtug **amus os íseal** uirre, go **rug** leis í i **gcealltair** dhraoidheachta. Mar do **mhothuigh** Cú Chulainn **easbaidh** na hinghine air, do mheas gurbh é Cú Raoi rug leis í, agus leanais ar a lorg go réim-dhíreach iad don Mhumhain, go rug orra ag Solchóid. Agus beirid na tréinfhir ar a chéile agus

do-níd **gleic** chalma churata, gur **trasgaradh** Cú Chulainn lé Coin Raoi.

c) .... Go dtug ceangal na **gcóig gcaol** air, gur fhágaibh ina chimeach chuibhríghthe é, iar mbearradh a fhuilt léna chloidheamh, agus **beiris** féin Bláthnaid leis i n-iarthar Mhumhan iar bhfágáil Con gCulainn ceangailte amhail adubhramar.

d) Agus i **gcionn** na bliadhna sin tarla Cú Chulainn ar Bheannaibh Boirche, go bhfacaidh ealta mhór d'éanaibh dubha ag toidheacht adtuaidh do **dhruim** na mara, agus ar rochtain i dtír dhóibh leanais ar a lorg .... gur mharbh an duibh-éan déidheanach dhíobh .... Agus ag **tilleadh** aniar dhó, fuair Bláthnaid go huaigneach láimh ré Fionnghlaise. .... gur **nocht** sise dhó nach raibhe ar druim dhomhain fear budh annsa lé ioná é agus iarrais air, an tSamhain fá **neasa** dhóibh, teacht lion sluagh dá breith féin ar **áis nó ar éigean** lais.

e) Arna chlos sin iomorra do Choin gCulainn, go rabhadar Clanna Deadhaidh arna **sgannradh** fá Éirinn mar sin, triallais ós íseal go sluagh-bhuidhin leis, agus ní **haithristear** a bheag dá sgéalaibh go ráinig i ndoire choille do bhí láimh ré longphort Chon Raoi. Agus ar mbeith ann sin dó, cuiris **sgéala** ós íseal go Bláthnaid, é féin do bheith ann sin **go** sluagh 'na **fhochair,** agus is é comhartha do chuir sí chuige, go ngoidfeadh cloidheamh Chon Raoi, agus leis sin go ndoirtfeadh **dabhach** leamhnachta do bhí san lios ris an sruth do bhí ag **snighe** ón bhaile trésan gcoill.

(i) Mínigh cúig cinn déag (15) de na focail a bhfuil **tromchló** orthu. (15 Marc)

(ii) Scríobh nóta gramadaí ar dhá cheann déag (12) de na focail a bhfuil líne fúthu (30 Marc)

(iii) Scríobh nóta comhréire ar **aon leagan amháin** acu seo a leanas:

... *gur trasgaradh Cú Chulainn lé Coin Raoi* i sliocht b) thuas.

...*go rabhadar Clanna Deadhaidh arna sgannradh* i sliocht e) thuas.

... *is é comhartha do chuir sí* ... i sliocht e) thuas. (5 Mharc)

Roinn C

NG 238 Litríocht an 20ú hAois II: Úrscéal (2.5 ECTS)

Cén chaoi ar bhásaigh Lelia Ní Dhubháin? Sin bun agus barr an úrscéil bhleachtaireachta, *Bás Tobann*. Pléigh.

Nó

Tugtar léargas báúil ar an mbrú a bhaineann leis an bpósadh comhaimseartha in *Bás Tobann*. Pléigh.

Nó

Rianaigh an ról lárnach atá ag Dónall Huggard in ionramháil an phlota in *Bás Tobann*.

Nó

Is é an greann an tréith is suntasaí a bhaineann le *Lig sinn i gcathú*.

Nó

Pléigh *Lig sinn i gcathú* mar úrscéal ollscoile.

(50 marc)